# Cruthanna 2T sa Tangram

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>Tomhas - achar, fad<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• suímh mhatamaiticiúla a léirmhíniú ag úsáid siombailí agus léaráidí cuí<br>• eolas agus torthaí a chur i láthair go soiléir. |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán, comhchosach, comhshleasach, scailéanach, dronuilleach, cearnóg, dronuilleog, comhthreomharán, rombas, traipéisiam, eitleog, peinteagán, heicseagán, heipteagán, ochtagán, achar, imlíne, teisiliú, meastachán, rothlaigh, suíomh |
| **Áiseanna** | puzail de thangraim, gné thangraim ar Uirlis Sórtála Mol Mata, páipéar cearnógach |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, réiteoidh daltaí puzail agus an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar chruthanna 2T, agus na puzail Shíneacha ársa Tangraim in úsáid acu.

### 1 Gníomhaíocht 1

Úsáideann daltaí na píosaí difriúla tangraim lena fháil amach cé acu cruthanna is féidir a dhéanamh le dhá phíosa nó níos mó.

### 2 Gníomhaíocht 2

Fiosraíonn daltaí cá mhéad cruth difriúil is féidir a dhéanamh leis na seacht bpíosa tangraim. Thig leo seat scáileán, grianghraif a ghlacadh nó tarraingt ar pháipéar cearnógach leis na rudaí seo a thaifeadadh.

### 3 Gníomhaíocht 3

Measann agus ansin ríomhann daltaí achar/imlíne gach crutha ó Ghníomhaíochtaí 1 agus 2.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a thig leat a dhéanamh ó na píosaí tangraim a roghnaigh tú?<br>• An dtig leat Cruth X a dhéanamh?<br>• An bhfuil cruthanna ann nach bhfuil tú ábalta a dhéanamh ag úsáid na bpíosaí tangraim?<br>• Cad é imlíne / achar do chrutha? | • Cad é mar a bhí a fhios agat go rachadh do phíosaí le chéile le do chruth a dhéanamh?<br>• Cad é mar a bhí a fhios agat nach dtiocfadh leat Cruth X a dhéanamh?<br>• Cad é mar atá a fhios agat go bhfuair tú na cruthanna féideartha is féidir a dhéanamh?<br>• Cad é a d'fhoghlaim tú faoi chruth 2T ón ghníomhaíocht seo? |

## Difreáil

Socraigh líon na bpíosaí nó gcruthanna tógtha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

